~~An T-Aire Poist~~
MINISTER for P. & T.

Walsh J.
Henchy H.
Griffin J.

AN CHÚIRT UACHTARACH

(67/1981)

MAIDIR LE NA H-ACHTANNA UM UDARÁS CRAOLACHÁIN 1960-1976 AGUS MAIDIR LEIS AN ACHT CÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS 1947

CÁS RÍOFA Á CHUR FÉ BRÁID NA CÚIRTE UACHTARAIGHE AG AN BREITHEAMH SEÁN Ó GLIASÁIN DE'N CHÚIRT CUARDA

FACULTY OF LAW U.C.G. 31 AUG 1982

IDIR

AN T-AIRE POIST AGUS TELEGRAFA — Gearánach

agus

CÁIT BEAN UÍ CADHAIN — Cosantóir

---

Walsh J. 16-7-1982

Tagann an cás seo os comhair na Cúirte mar cás sonraithe ó láimh Sheáin Ó Gliasáin, breitheamh de'n Chúirt Chuarda, agus in ainm a bheith de bhun alt 16 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1947, curtha in oiriúint agus ar leanúint faoi alt 48 den Acht.

Deireann alt 16 go bhféadfaidh "Breitheamh Cuarda, ar iarratas chuige sin ó aon pháirtí in aon ní .... a bheas ar feitheamh os a chomhair, aon cheist dlí a éireos sa ní sin a chur .... faoi bhráid na Cúirte Uachtaraí i bhfoirm cháis ríofa chun go gcinnfidh an Chúirt Uachtarach é ...."

Is iad na focail "aon cheist dlí a éireos sa ní sin"

na focail oibritheacha san alt sin. Tá focail cosúla le fáil in alt 52 d'Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) 1961 (mar a bhí roimhe sin in alt 83 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924) a bhaineann le cumhacht Breithimh den Chúirt Dúithche "aon cheist dlí a eireóidh in aon chás a bheidh os a chóir do chur chun na hÁrd-Chúirte chun breith do thabhairt uirthe."

Tá sé socraithe cheana, agus go háirithe i mbreithiúnas na h-Árd-Chúirte den 16ú Eanair 1950 i gcúis The State (Reilly) v District Justice O'Grady (nach bhfuil le fáil i dtuairiscí dlí) nach mbaineann an chumhacht seo ach amháin le ceisteanna dlí a éiríonn go fíor agus go cinnte sa ní. Ní bhaineann sí le ceisteanna hipitéiseacha nó le ceisteanna ná réitíonn an cás os comhair na cúirte. Is é mo thuairim gur ceart an rialú céanna a chur i bhfeidhm i gcásanna ríofa faoi alt 16 den Acht de 1947. Baineann breithiúnas na Cúirte seo i gcúis The People (Attorney General) v McGlynn, 1967 I.R. 232, leis an gceist seo chomh maith.

Dá bhrí sin is é an chéad rud atá le réiteach ná an raibh ceist de'n tsórt sin os cóir an Bhreithimh Chuarda. Is dóigh liomsa ná raibh agus ná raibh aon dlínse aige an cás seo a cuir faoi bhráid na Cúirte seo.

D'éirigh an cás leis an mBhreithimh i bhfoirm

athiomharc ó ordú na Cúirte Dúiche i gcás in a leagadh fíneáil £10 ar an gcosantóir cionn is go raibh gléas telefíse aici in a seilbh gan ceadúnas a bheith i bhfeidhm aici an lá a bhaineann le hábhar, is é sin an 6ú lá de Dheire Fómhair 1978. Is í an Gaeilge a teanga ó dhúthcas agus is í an Gaeilge teanga an tí sa bhaile aici.

Do dhiúltigh sí ceadúnas a fháil nó a cheannach dá bhrí go raibh sí míshásta le stádas na Gaeilge i gcláir R.T.E. agus gur chreid sí nár dhein Udarás Radio Telefís Éireann a dhualgas reachtúil i dtaobh teanga na Gaeilge.

Ní gá domsa mo thuairim a nochtú ar an ábhar seo. Má ceapann an cosantóir go bhfuil gearán imchaingne aici ar an gceist sin i gcoinnibh an Údaráis is féidir léi an dlí do chur ar an Údarás nó pé duine eile. Ní bhaineann sé le mo dhualgas aon chomhairle a thabhairt i dtaobh na ceiste sin ach is é mo dhualgas a rá nach mbaineann an cheist sin leis an gceist a bhí os cóir an Bhreithimh Chuarda.

Tá sé neamhdlíthiúil gléas telefíse a choiméad gan ceadúnas. Is cuma muna ngluaiseann sé agus is cuma an bhfuil clár Éireannach (cioca as Gaeilge no eile)

le fáil no nach bhfuil. Is leor an gléas a bheith ann chun dliteanas a shuíomh. Dá bhrí sin toisc nár bhain ceist na Gaeilge le cruthúnais gearáin an Aire Poist agus Telegrafa ná le cosaint an chosantóra níor éirigh aon cheist dlí faoi mhíniú alt 16 den Acht de 1947 den tsórt curtha chugainn ag an mBreitheamh Cuarda. Ní raibh aon chumhacht aige na ceisteanna sin do chur chugainn i bhfuirm cás sonraithe agus ní ceart aon cheist d'fhreagairt. Ba cheart an cás do chur ar ais do'n Bhreitheamhgan freagra agus a chur in iúl dó ná raibh aon dlínse aige an cás sin do chur chugainn. Ba cheart a innsint dó comh maith nach bhfuil ionadúil aige ar na fíorais a cruthaíodh nó a admhaíodh ach ciontú an Chúirt Dúiche a dhaingniú. Is dó féin ceist an phíonóis.

Ar an fháth céanna ní raibh aon dlínse aige an t-Aire do chur ar téarmaí go n-íochfaidh sé costais an chosantóra. Tá an Chúirt seo saor chun a ordú féin a dhéanamh i dtaobh na ceiste sin.

16·7-82.

~~An~~ MINISTER ~~Post~~ P & T

Walsh J.
Henchy J.
Griffin J.

67-1981)

AN CHÚIRT UACHTARACH

AN tAIRE POIST AGUS TELEGRAFA

v.

CÁIT BEAN UÍ CHADHAIN

FACULTY OF LAW, U.C.G. 31 AUG 1982

Breithiúnas ón mBreitheamh Ó hInnse
a tugadh ar an 16ú Iúl, 1982

Griffin J. concurring

Ciontaíodh an cosantoir, Cáit Bean Uí Chadhain, sa Chúirt Dúiche ar an 23ú lá d'Eanáir 1979 faoi go raibh teilifíseán á choiméad agus ina seilbh aici go neamh-dhleathach ar an 6ú lá de Dheire Fomhair 1978, toisc nach raibh ceadúnas feidhmeannach aici ina leith de thuras na huaire. An tAire Poist agus Telegrafa a thug an t-ionchúiseamh ina haghaidh. Níl aon amhras nach raibh ceadúnas aici ag an am a bhí i gceist. Dá bhrí sin, mheas an Breitheamh den Chúirt Duiche nach raibh aon dul as aige ach í a chiontú. Rinne se amhlaidh agus ghearr sé fíneáil £10 bpunnt uirthi nó, in éagmais an tsuim sin a íoc, 14 lá príosúntachta a chur isteach.

Thug sí athchomharc in aghaidh an orduithe sin go dtí an Chúirt Chuarda. Sa chúirt sin cruthaíodh ath-uair go raibh an gléas teilifíse aici ar an 6ú lá de Dheire Fomhair 1978 agus nach raibh ceadúnas aici ina leith. Ní raibh de leithscéal aici air sin ach gurb í a tuairim go raibh sé de chead aici gan bacaint le ceadúnas nuair nach raibh ag an am sin ach cúig faoin gcéad de na cláracha teilifíse sa Stát seo as Gaeilge. Mar gheall ar fhorálacha ailt 13 den Acht um Údarás Craolacháin (Leasú), 1976, mheas an Breitheamh sa Chúirt Chuarda nár chomhlíon an tÚdarás Craolacháin na dualgais a bhí leagtha air faoi alt 13 agus dá bharr sin nach raibh iachall ar an gcosantóir ceadúnas a bheith aici. Dúirt sé go raibh sé sásta nach raibh an cosantóir ciontach chor ar bith sa chion, ach thug sé deis don Aire iarratas a dhéanamh chuige cás ríofa a chur chun na Cúirte seo leis an scéal a shocrú. Rinne an tAire amhlaidh agus sé an cás ríofa sin atá ós ár gcomhair anois.

Chuir an Breitheamh ceithre cheist faoi bhráid na Cuirte seo sa chás ríofa, ach im thuairimse ní

call ach an chéad cheann a fhreagairt. Sí brí na ceiste sin, an bhfuil cead ag an gcosantóir í féin a chosaint ar an gcion ar ciontaíodh í ina leith sa Chúirt Dúiche, trína thaispeáint nár chomhlíon an tÚdarás na dualgais atá leagtha air faoi alt 13 d'Acht 1976? Is furast an cheist sin a fhreagairt: ní cead di sin a dhéanamh.

In ionchúiseamh mar seo, nuair a cruthaítear go raibh gléas teilifíse ag an gcosantóir agus nach raibh ceadúnas ina leith aige nó aici, tuiteann dliteanas daingean neamh-choinníolach ar an gcosantóir. Ní gá mens rea a chruthú. Is cuma gur cheap an cosantóir go raibh ceadúnas aige no aici, is cuma gur dearnadh dearmad ceadúnas a fháil, is cuma gur de bhun prionsabail (mar is amhlaidh sa chás seo) nach raibh an ceadúnas ag an gcosantóir — is cuma cén leithscéal a cuirtear ar aghaidh, ní fiú tráithnín é. Ní mór an cosantóir a chiontú. B'fhéidir go mbeadh baint ag an leithscéal leis an bpíonós, ach níl aon bhaint aige le dliteanas an chosantóra sa chion.

Mheas an Breitheamh go raibh dlínse aige alt 13

d'Acht 1976 a chur san áireamh. Bhí dul amú air sa tuairim sin. Ag éisteacht an athchomhairc seo dó, ní raibh de dhlínse aige ach an dlínse a bhí ag an mBreitheamh den Chúirt Dúiche a d'éist an cás i dtosach báire. Agus ní raibh de dhlinse ag ceachtar acu breith a thabhairt nár sháraigh nó gur sháraigh an tÚdarás Craolacháin na dualgais a leagadh air faoi alt 13. Is ag an Ard-Chúirt amháin, nó ag an gCúirt seo ar athchomharc, atá an dlínse sin.

Má theastaíonn ón gcosantóir ceist úsáid na Gaeilge ins na cláracha teilifíse a tharraingt anuas faoi alt 13 i gcaingean, níor mhór di cúis dlí a thionnscnamh san Ard-Chúirt. Ach sul a ndéanfadh sí amhlaidh níor mhiste di cuimhneamh ar an discréid leathan a thugann an t-alt sin don Údarás, eadhon:

> "In performing its functions the Authority shall in its programming -
>
> (a) be responsive to the interests and concerns of the whole community, be mindful of the need for understanding and peace <u>within the whole island of Ireland</u>, ensure that the programmes reflect the varied elements which make up the culture

> of <u>the people of the whole island of Ireland</u>, and have special regard for the elements which distinguish that culture and in particular for the Irish language".

Níor mhaith liom réamh-bhreith a thabhairt ar chás ar bith, ach is deacair a fheiceáil go bhféadfaí a rá go raibh sárú déanta ar na cuspóirí agus ar na dualgais sin mura mbéadh d'fhianaise ina dtaobh ach nach raibh ach oiread áirithe faoin gcéad de na cláracha i nGaeilge.

Maidir le na trí cheist eile sa chás ríofa, ní dóigh liom go raibh dlínse ag an mBreitheamh den Chúirt Chuarda iad a chur. Sé seo an fáth go dtugtar dlínse don Chúirt Dúiche nó don Chúirt Chuarda, cás ríofa den tsórt seo a chur ar aghaidh: le go bhfuighidh sé freagra údarásach ar phoinnte achrannach dlí ionnas go mbeidh sé ar a chumas breith cheart a thabhairt sa chás atá ós a chomhair. Níl aon cheart aige ceist a chur sa chás ríofa mura bhfuil baint aici le tora an cháis. Mar dúirt Sullivan P. sa chás <u>Attorney General v. McLoughlin</u> 1931 I.R.430, 440:

"It is obvious that the only question of law which a District Justice can refer to this Court is a question of law arising in any case before him, and that he has no right to ask this Court to answer questions "extraneous to the issues affecting the defendant's case" because they appeared to him "to affect the jurisdiction of the District Court in the interpretation of the Betting Act and Finance Acts". The power conferred upon a District Justice by the section [i.e. s. 83 of the Courts of Justice Act, 1924] is limited in express terms, presumably because the Legislature recognized that without such limitation an intolerable burden might be cast not only upon this Court, but upon the parties bearing the costs of the proceedings".

Sa chás céanna dúirt Hanna J. (ag l. 442):

"I entirely agree with what the President has said as regards the form in which District Justice Little has submitted this case to us, as he has asked this Court to answer questions apart altogether from the facts of the particular case before him. This Court is not a moot for the decision of any questions which may occur to the District

Justice under an Act of Parliament".

Is de bhun ailt 16 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1947, a chuir an Breitheamh den Chúirt Chuarda an cás ríofa seo faoin ár mbráid, ach (díreach mar bhí an scéal i gcás <u>Attorney Gereral v. McLoughlin)</u> ní cead don Bhreitheamh ceist ar bith a chur sa chás mura bhfuil baint aici leis an gcás atá ós a chóir ("any question of law arising in such matter" adeir alt 16). Ní féidir é sin a rá ach faoin gcéad cheist sa chás ríofa seo. Mar sin, ní bhéadh sé ceart freagra a thabhairt ar aon cheann de na trí cheist eile.

Sé tora an scéil, i mo thuairim, gur ceart an freagra seo a thabhairt ar an gcéad cheist: nach bhfuil sé de cheart ag an gcosantóir argóin a dhéanamh nach bhfuil sí ciontach toisc nár chomhlíon Radio Telefís Éireann a dhualgas reachtúil. Ní mór, mar sin, don Bhreitheamh den Chúirt Chuarda ciontú an chosantóra sa Chúirt Dúiche a dhaingniú.

Ceadaithe
SOH
19-7-82